2024.M70T

2024L014G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ealaín

## Amharcstaidéar

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 13 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

150 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa scrúdpháipéar seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc | 7 gceist ghearrfhreagra. |
| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |
| Roinn C | Éire agus a háit sa Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |

Freagair ceisteanna mar seo a leanas:

- Roinn A – Domhan an Lae Inniu: Freagair **cúig cheist** ar bith.
  (Tá na ceisteanna go léir ar cómharc – 10 marc an ceann).
- Roinn B – An Eoraip agus an Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.
- Roinn C – Éire agus a háit sa Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.

Déan tagairt, áit a n-iarrtar sin, do na **léaráidí ar an mbileog a ghabhann** le Roinn A.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i ndeireadh an leabhráin seo. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Tá cead agat sceitsí agus léaráidí lipéadaithe a úsáid mar thaca le do fhreagra más mian leat. Tá spás le haghaidh sceitsí agus léaráidí ar fáil i ndeireadh gach roinne. Déan deimhin de, le do thoil, go bhfuil uimhir gach ceiste (agus an pháirt den cheist nuair is gá sin) curtha go soiléir ar gach sceitse nó léaráid.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is le haghaidh sceitsí agus líníochtaí amháin a cheadaítear peann luaidhe, pinn luaidhe dathúcháin san áireamh. Ná húsáid péint ná meán fliuch ar bith eile.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cheist ar bith** sa roinn seo.

**Ceist 1** **10 marc**

Tá an grianghraf *Bobo's Socks* **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an ngrianghraf seo faoi na ceannteidil a leanas: dath, patrún.

**(b)** Ar leagadh amach an grianghraf seo d'aon ghnó nó ar mhear-ghrianghraf é, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 2** **10 marc**

**(a)** Liostaigh agus mínigh **dhá** bhealach dhifriúla a saothraíonn amharc-ealaíontóirí a mbeatha as a gcleachtadh ealaíne.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ainmnigh eagraíocht a thacaíonn le hamharc-ealaíontóirí gairmiúla le linn a saoil oibre. Mínigh an chaoi a bhféadfadh an eagraíocht seo tacú le hamharc-ealaíontóir gairmiúil.

| Ainm na heagraíochta: |
|---|

| Mínigh: |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **10 marc**

Píosa seodóireachta le Stephen Webster é *Gossip Ring* atá **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an bhfáinne seo faoi na ceannteidil a leanas: cruth, dath, bunábhair.

**(b)** Cén spriocmhargadh atá ag an bhfáinne seo, dar leat?
Tabhair fáthanna le do fhreagra agus fianaise á húsáid agat ón léaráid a thugtar.

**Ceist 4** **10 marc**

Tá an obair ealaíne *Half Badger* le Bordalo II **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an saothar ealaíne seo faoi na ceannteidil seo: bunábhair, dath, suíomh.

**(b)** Cad faoi a bhfuil an saothar ealaíne seo, dar leat?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 5** **10 marc**

Tá sampla de dhearadh pacáistithe i gcomhair físchluiche **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an dearadh seo faoi na ceannteidil seo: litreoireacht, íomhánna, leagan amach.

**(b)** Cad iad na teachtaireachtaí faoin bhfíschluiche atá á gcur trasna tríd an dearadh pacáistithe seo? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 6** **10 marc**

Imríonn feisteas ról tábhachtach i scannáin, i seónna teilifíse agus san amharclann chun teachtaireachtaí faoi na carachtair a chur trasna.

**(a)** Déan cur síos ar an bhfeisteas a chaitheann carachtar **amháin** ar a bhfuil eolas agat as scannán, seó teilifíse nó léiriú amharclainne.

| |
|---|
| Ainm an scannáin, an tseó teilifíse nó an léirithe amharclainne: |
| Ainm an charachtair: |

| |
|---|
| Cur síos ar an bhfeisteas: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cad is ceart do dhearthóir a chur sa mheá agus é/í ag dearadh feisteas do duine a bheith páirteach i seó beo? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7** **10 marc**

Túr breathnóireachta sa Danmhairg a bhfuil duaiseanna buaite aige é *Marsk Tower* atá **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan anailís ar an struchtúr seo faoi na ceannteidil a leanas: foirm, scála, pátrún.

**(b)** Cén fáth ar roghnaigh na hailtirí cruach chun an struchtúr ailtireachta seo a thógáil, i do thuairim? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

Spás Roghnach Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

## Roinn B — An Eoraip agus an Domhan Mór — 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 8** **Ealaín Rómhánúil agus Ghotach (c.1000 – 1500idí)**

Tabhair cuntas ar an gcaoi ar éirigh an dealbhóireacht Ghotach níos réadúla ná an dealbhóireacht Rómhánúil.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** phíosa dealbhóireachta.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 9** **An Renaissance – An Próta-, Luath-, tArd-Renaissance & an Nósúlacht (c.1300 – 1600idí)**

Pléigh an tslí ar fhorbair an dealbhóireacht le linn thréimhse an Renaissance.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 10** **Ealaín Bharócach (c.1600 – 1700idí)**

Sainaithin agus déan cur síos ar **dhá** phictiúr ón tréimhse Bharócach a thugann léiriú ar an saol laethúil agus ar imeachtaí na tréimhse.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 11** **Réalachas, Impriseanachas agus Iar-Impriseanachas (c.1850 – 1900idí)**

Cad a insíonn saothar Vincent van Gogh dúinn faoina shaol?

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** shaothar ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 12** **Nua-Aoiseachas (c.1900 – 1960idí)**

Cad iad na príomhthréithe a bhaineann leis an Osréalachas?

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 13** **Tar éis 1960**

Déan cur síos ar an gcaoi ar imir topaicí mar an tomhaltachas, cultúr na gceiliúrán, agus na mórmheáin chumarsáide tionchar ar an bPop-Ealaín.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na teicnící san áireamh agat.

Spás Roghnach Pleanála.

Freagra ar Cheist

Spás Roghnach Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

## Roinn C Éire agus a háit sa Domhan Mór 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 14 An Ealaín Réamh-Chríostaí (c.4000 RCR – 500 CR)**

Pléigh conas a rinneadh agus a maisíodh déantáin mhiotail le linn na hIarannaoise.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** dhéantán miotail a bhfuil staidéar déanta agat orthu.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 15 Ealaín na nOileán (c.500 – 1100idí)**

Rianaigh forbairt na gcros cloiche le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** shampla ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na híomhánna, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 16 Ailtireacht agus Ealaín na Meánaoise Déanaí (c.1100 – 1550idí)**

Pléigh conas a rinneadh agus a maisíodh obair mhiotail Chríostaí sa Mheánaois Dhéanach.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** dhéantán miotail Críostaí ainmnithe ón tréimhse seo.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na theicnící san áireamh agat.

**Ceist 17 An Tréimhse Sheoirseach (c.1720 – 1800idí)**

Pléigh struchtúr agus maisiú **dhá** fhoirgneamh phoiblí a tógadh in Éirinn le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** fhoirgneamh phoiblí ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an bhfeidhm, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 18 Ealaín agus Nua-Aoiseachas na hÉireann (c.1880 – 1960idí)**

Pléigh saothar ealaíontóra **nó** dearthóra Nua-Aoisigh **amháin** ar bean í.

- Déan tagairt i do fhreagra d'ealaíontóir **nó** do dhearthóir ainmnithe **amháin** agus do **dhá** shaothar ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar an stíl, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

**Ceist 19 Tar éis 1960**

Cuir i gcomparáid **dhá** shaothar ealaíne fhíoracha le healaíontóirí difriúla a rinneadh sa tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do gach saothar ealaíne ainmnithe leis na healaíontóirí a roghnaigh tú.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

Spás Roghnach Pleanála.

Freagra ar Cheist

Spás Roghnach Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Spás breise le haghaidh freagraí: Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Spás Breise Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Lch 3: Ceist 1
Enda Burke. *Bobo's Socks.* 2023. Grianghraf.
https://www.dailymaverick.co.za/article/2023-04-18-2023-sony-world-photography-awards-architecture-creative/
(Rochtain déanta: 1 Feabhra 2024)

Lch 5: Ceist 3
Stephen Webster. *Gossip Ring*. Ór, diamaint bhána, néamhann, cruain dhaite.
https://www.stephenwebster.com/en-eu/products/yellow-gold-gossip-ring?variant=43918171832546
(Rochtain déanta: 1 Feabhra 2024)

Lch 6: Ceist 4
Bordalo II. *Half Badger*. 2019. Fuíollábhair. An Ghearmáin.
https://www.bordaloii.com/big-trash-animals-series/half-half
(Rochtain déanta: 1 Feabhra 2024)

Lch 7: Ceist 5
PS4. *Carnival Games*. Dearadh pacáistithe.
https://www.amazon.co.uk/2K-Games-Carnival-PS4/dp/B07HRYNXWB?th=1
(Rochtain déanta: 1 Feabhra 2024)

Lch 9: Ceist 7
Bjarke Ingels Group. *Marsk Tower*. 2021. Cruach. An Danmhairg.
https://www.visitsonderjylland.com/tourist/experiences/sonderjylland-nature-lovers/marsk-camp
(Rochtain déanta: 1 Feabhra 2024)
Grianghraf le Sarahinthegreen.
https://www.archpaper.com/2021/08/bigs-marsk-tower-wadden-sea-national-park-in-denmark/
(Rochtain déanta: 1 Feabhra 2024)
Grianghraf le Rasmus Hjortshøj.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ealaín Amharcstaidéar

Déardaoin 13 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30